An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Ionstraimí poiblí chun tacú le hathstruchtúrú san Eoraip

## Achoimre fheidhmeach

### Réamhrá

Seolann Tuarascáil 2011 ón Monatóir Athstruchtúraithe Eorpach (ERM) bunachar sonraí ar bhearta tacaíochta poiblí agus bunaithe ar chomhpháirtithe sóisialta chun athstruchtúrú a réamh-mheas agus a bhainistiú san AE27 agus san Iorua. Cé go bhfuil sé bunriachtanach do dhinimic an gheilleagair Eorpaigh acmhainní eacnamaíocha agus daonna a athstruchtúrú i dtreo gníomhaíochtaí níos táirgiúla agus níos brabúsaí, bíonn deacrachtaí i gceist uaireanta d'fhostaithe. Tá sé ríthábhachtach mar sin ní hamháin go n-éascaíonn institiúidí agus beartais athrú struchtúrtha riachtanach ach go ndéanann siad maolú freisin ar na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an gcoigeartú sa mhargadh saothair do chuideachtaí agus d'fhostaithe araon. Chun é sin a bhaint amach, tá a lán cineálacha ionstraimí ar féidir a úsáid le haghaidh athstruchtúraithe. Ba cheart go mbeidís in ann athrú a réamh-mheas agus a bhainistiú, go ndíreoidís ar riachtanais fhostaithe agus fhostóirí araon agus bainfidh gnéithe de bheagnach an réimse beartais socheacnamaíoch iomlán leo.

### Comhthéacs beartais

Tá a lán taighde agus anailíse beartais déanta ar an ábhar seo ag, mar shampla, an Coimisiún Eorpach, na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair. Tá mórán cás-staidéar, samplaí de dhea-chleachtas agus tuarascálacha beartais tagtha chun cinn dá bharr sin, agus cuireadh a lán acu i láthair i gceardlanna agus i seimineáir ar fud na hEorpa. Is ionann an obair roimhe seo agus ionchur tábhachtach sa bhunachar sonraí ERM. Is é breisluach an tionscaimh seo ná na hionstraimí iomadúla sin a chur in eagar agus a rangú agus iad a chur i láthair i bhformáid loighciúil agus inrochtana a chuirfidh ar chumas gníomhairí beartais éagsúla scrúdú a dhéanamh ar an iliomad ionstraimí beartais ar bhealach comhleanúnach agus ó thaobh dearcaidh chomparáidigh de.

### Príomhthátail

Ag baint úsáide as éagsúlacht dá cuid foinsí féin agus as foinsí eile, shainaithin, thiomsaigh agus chatagóirigh foireann Eurofound beagnach 400 ionstraim athstruchtúraithe ábhartha idir earrach na bliana 2009 agus earrach na bliana 2011, bunaithe ar thaighde deisce (athbhreithniú litríochta agus doiciméid, cuardach bunachair shonraí agus idirlín, rannpháirtíocht i seimineáir, i gcomhdhálacha agus i gceardlanna s.rl.). Bailíochtaíodh ansin go raibh siad sin i bhfeidhm ag Líonra Eurofound d'Fhaireachlanna Eorpacha go déanach in 2010 agus go luath in 2011. Níl rialacháin dhlíthiúla maidir le nósanna imeachta iomarcaíochta, íocaíocht iomarcaíochta nó a leithéid á mbreithniú don bhunachar sonraí reatha ar ionstraimí tacaíochta, ach tá sé beartaithe go mbaileofar agus go dtiomsófar iad amach anseo. Níl an bunachar sonraí in ann liosta cuimsitheach a sholáthar de gach beart atá ar fáil ach an oiread. Nuashonrófar é, áfach, de réir mar a chuirtear faisnéis nua ar fáil. Féadfar breathnú air mar chomhthiomsú de smaointe do chinnteoirí poiblí agus príobháideacha atá ag tabhairt aghaidh ar athstruchtúrú. Rabhadh eile is ea go bhfuil, de bharr na dteorainneacha modheolaíochta, béim ar leith ar ionstraimí náisiúnta (seachas bearta réigiúnacha agus áitiúla, cé go bhfuil roinnt acu seo san áireamh) mar aon le ar phríomhchláir, arna bhforlíonadh ag cur chuigí a mheastar a bheith nuálach nó neamhchaighdeánach ach go háirithe.

Mar a bhí i dtuarascálacha bliantúla ERM roimhe seo, soláthraítear forbhreathnú freisin ar ghníomhaíochtaí athstruchtúraithe san Aontas Eorpach. Sa tréimhse ocht mí dhéag ón gcéad ráithe de 2010 go dtí an dara ráithe de 2011, tá sonraí faoi os cionn 1 800 cás athstruchtúraithe mórscála taifeadta. Bhí caillteanais poist fógartha níos líonmhaire ná an méid post a gnóthaíodh i ngach ráithe – de réir mar atá ón gcéad ráithe de 2008 – cé go bhfuil leibhéil na gníomhaíochta athstruchtúraithe laghdaithe go mór ó na leibhéil sna ráithí ag buaicphointe na géarchéime idir deireadh na bliana 2008 agus tús na bliana 2009. Ar leibhéal earnála, ba í an fhorbairt ba shuntasaí ná an méadú géar ar chaillteanais poist fógartha i riarachán poiblí. B'ionann é agus beagnach an triú cuid de chaillteanais poist agus cuireadh in ionad déantúsaíocht é mar an earnáil leathan amháin is mó ar chuir caillteanas poist athstruchtúrach isteach uirthi i rith 2010-11. Baineann an cúlra le ciorruithe ar chaiteachas poiblí agus bearta déine ginearálta. Tá rialtais na mBallstát ag iarraidh a gcuid clár comhordaithe a chur in ord tar éis na n-idirghabhálacha urghnácha in 2008-9 chun an córas baincéireachta / airgeadais a shlándáil mar aon leis an damáiste déanta ag an gcúlú eacnamaíochta.

Cé gurb amhlaidh go raibh tionchar aige sin ar fhostaíocht an rialtais lárnaí agus áitiúil – go háirithe i roinnt de na tíortha is mó a gcuir an cúlú eacnamaíochta isteach orthu cosúil leis an Laitvia ach i mBallstáit níos mó freisin cosúil leis an RA agus an Fhrainc – lean earnálacha eile a fhaigheann maoiniú ón stát den chuid is mó, cosúil le sláinte agus oideachas, ar aghaidh ag méadú fostaíochta le linn agus tar éis an chúlaithe eacnamaíochta in 2008-9 araon. De réir sonraí ó Shuirbhé Lucht Saothair an AE, chruthaigh an earnáil sláinte san AE27 beagnach 1.5 milliún post glan nua (+7%) sa tréimhse ón gcéad ráithe de 2008 go dtí an chéad ráithe de 2011.

Bhí na caillteanais poist ba mhó le linn an chúlaithe eacnamaíochta sna hearnálacha déantúsaíochta agus tógála ach tá fianaise éigin ar théarnamh i bhfo-earnálacha déantúsaíochta áirithe sa bhliain go lár na bliana 2011. Tá roinnt dá gcaillteanais poist ón gcúlú eacnamaíochta aisghafa ag fo-earnálacha ardteicneolaíochta cosúil le huath-trealamh/trealamh iompair, trealamh ríomhaireachta/leictreonaice agus leictreach mar aon le déantúsaíocht bia. Lean fostaíocht tógála ar aghaidh ag laghdú, áfach, ag titim faoi níos mó ná 2% sa tréimhse 12 mhí is déanaí toisc gur theip ar an téarnamh lag spreagadh a dhéanamh ar an earnáil seo atá íogair ó thaobh timthrialla de.

Léirigh feidhmíocht an mhargaidh saothair difríochtaí suntasacha ó thír go tír le bliain anuas. Léirigh roinnt de na Ballstáit is mó a cuireadh isteach orthu le linn an chúlaithe eacnamaíochta comharthaí spreagúla téarnaimh. Bhí méaduithe ar an leibhéal fostaíochta i ngach ceann de na poblachtaí Baltacha, le lucht saothair na hEastóine ag fás faoi níos mó ná 5%. Ar an dul céanna, tá 'croílár' na Gearmáine, na Polainne agus na Sualainne agus na stát comharsanachta tagtha chun cinn i dtuaisceart na hEorpa tar éis an chúlaithe eacnamaíochta le margaí saothair slána go comparáideach. Ag an am céanna, áfach, tá fadhbanna fiachais cheannasaigh de chuid roinnt de na Ballstáit sa limistéar euro aistrithe go dtí margaí saothair na Gréige, na hÉireann agus na Spáinne faoi seach, le meathlúcháin fostaíochta bhreise i ngach ceann acu. Tá an tSlóivéin agus an Bhulgáir sa raon mall anois freisin de mhargadh saothair dhá raon na hEorpa.

Ag déanamh achoimre ar thorthaí an dá raon i margadh saothair na hEorpa, níl fás poist de níos mó ná 1.3 milliún post san AE27 idir an chéad ráithe de 2010 agus 2011 ach beagán níos fearr ná téarnamh gan post, i bhfianaise scrios na cúig milliún post sa dá bhliain roimhe sin. Agus tá cúiseanna maithe ann le bheith cúramach faoi ionchais fostaíochta san Eoraip sa dhá mhí dhéag atá romhainn.

**Tuilleadh faisnéise**

Tá an tuarascáil "*Public instruments to support restructuring in Europe*" (Ionstraimí poiblí chun tacú le hathstruchtúrú san Eoraip) ar fáil ar líne ag http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef1165.htm

Tá an bunachar sonraí d'ionstraimí tacaíochta ar fáil ag http://www.eurofound.europa.eu/emcc/erm/supportinstruments/

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise déan teagmháil le Irene Mandl, Bainisteoir Taighde, ima@eurofound.europa.eu